# Leathanach don Cheiliuraí

Raymond Murray
raylmurray@tiscali.co.uk
agus
tAth Críostóir Ó Duibhir
Caiseal Mumhan

## An Tríú Domhnach Déag
## 2 Iúil 2017

**Réamhfhocal**
Inár mbaisteadh tumadh sinn i gCríost, rannpháirteachas le páis, bás agus aiséirí Chríost. Bás Chríost – ciallaigh sin bás do ord peacúil an tsaoil seo. Agus le haiséirí Chríost tháinig ord nua spioradálta neamhaí i réim. Riarann Críost beatha nua aiséirí orainn. Inár saol Chríostaí mar sin bheirimid iarracht maireachtáil i ngrásta agus i gcumhacht ár mbaiste. De réir Phóil sin grá Dé léirithe i gCríost.

**Smaoineamh**
Is misinéirí Íosa sinn agus is mian leis go mbeimis réidh é a leanúint fiú go pointe an bháis. Gealltanas iomlán mar sin atá uaidh agus sinn i mbun ár misin. Caithfidh an deisceabal bheith réidh fiú glacadh le géarleanúint mar chuid den aspalacht. Deir Íosa, 'An té a ghlacann sibhse, glacann sé mise, agus an té a ghlacann mise, glacann sé an té a chuir uaidh mé'. Cuireann Íosa béim ar an suáilche a bhaineann go mór le grá agus le meas - 'sé sin flaithiúlacht a thaispeáint do thoscairí Dé. Nach deas na focla seo ag Íosa faoin a dheisceabail agus an obair is mó ar siúl acu, 'sé sin beatha Dé a riaradh ar an domhan! 'Agus má thugann duine ar bith oiread is an cupán de fhíoruisce don mhuintir bheag seo, as ucht gur deisceabal é ní bheidh sé gan a thuarastal a fháil'.

**Guí an Phobail**
Is é ár dTiarna Íosa Críost a ghlaodhann orainn leanúint lena mhisean agus deascéal an tslánaithe a fhógairt do na náisiúin.

1. A Thiarna tabhair dúinn do Spiorad chun ár misean a chomhlíonadh.
2. Tabhair suaimhneas intinne dúinn agus neartaigh ionainn croí na féile chun cuidiú leis na mílte gan bhia gan dhídean.
3. Bailigh Críostaithe le chéile i gcorp spioradálta amháin go gcreidfidh an domhan i gCríost ár Slánaitheoir.
4 Líon croíthe ár gcairde le do ghrá, agus tabhair ceansacht Chríost dúinn go léir.
5. Tabhair sólás do na daoine atá ag fáil bháis agus taispeán do thrócaire do na mairbh – go bhfuighidh siad síocháin shíoraí i gCríost.

A Athair, ós páistí do chlainne sinn glaoigh tú orainn go léir saothrú sa tsaol seo ar son na bochta agus lucht dearóile. Misean ar leith é. Iarraimid do ghrásta trí Chríost ár dTiarna. Áiméan.

**An Phaidir**
Agus 'go dtaga do ríocht ' á rá againn go mbí toradh ar ár gcuid oibre agus misean ar siúl againn an ríocht sin a fhógairt.

**Focal Scoir**
Moladh, glóir agus onóir
bheirim go deo dhuit, a FhíorMhic Dé,
Daor do cheannaigh tú an ghlóir
le d'fhuil uasail onóraigh féin.

* * *

## An Ceathrú Domhnach Déag
## 9 Iúil 2017

**Réamhfhocal**
Is faoi réir an Spioraid na fíréin agus ní faoi réir na colainne. Tá Spiorad Dé lonnaithe ionainn agus sinn in aonchorp le Críost. Tugtar neart dár n-anamacha. Tá dualgas orainn mar sin bua a fháil ar pheaca nó is Clann Dé sinn.

**Smaoineamh**
Nach álainn na focla seo Íosa agus é ag guí, 'Tugaim buíochas duit, a Athair, a Thiarna neimhe agus talún, de chionn mar a cheil tú na neithe seo ar lucht eagna agus éirime agus mar a d'fhoilsigh tú do naíonáin iad. Sea, a Athair, óir is amhlaidh sin ba mhaith leat é'. Tá an tAthair agus an Mac ar chomhchéim. Bheir an Mac buíochas don Athair as an creideamh a bhronnadh ar a dheiscedabail. Ansin tugann Íosa cuireadh dá dheisceabail bheith páirteach ina bheatha mar Mhac an Athar. Agus féach an gealltanas mór a thugtar dóibh. 'Tagaigí ar scoil chugamsa, mar táim ceansa uiríseal ó chroí agus gheobhaidh sibh faoiseam do bhur n-anamacha. Cad é is eagna ann mar sin? Pearsa an Mhic agus a theagasc is ea í. Faightear i 'scoil' Íosa í.

**Guí an Phobail**
Tá uirísle agus ceansacht le foghlaim i 'scoil' Chríost. Iarraimid ar an Athair na buanna sin a bhronnadh orainn agus tromualach agus saothar a thógáil dínn.

1. Guímís ar son ár bPápa Proinsias agus ar son Easpaig na hEaglaise. Tabhair an eagna dóibh muintir an domhain a threorú ar bhealach Íosa agus carthannacht, grá agus athmhuintearas a chothú.
2. Go mbí muinín mhór ionainn go gcuirfidh ár mbriathra agus ár ngíomhartha grá fial Íosa in iúl.
3. Guímis ar son daoine atá ag fulaingt thinnis go bhfuighidh siad faoiseamh agus sólás ón mhuintir atá ag tabhairt aire dóibh.
4. A son síochána ar fud an domhain: iarraimid ar Chríost ár ndeartháir umhlaíocht agus comhaontas a bhronnadh ar na náisiúin.
5. Ar son iad sin uilig a fuair bás ar na mallaibh, go bhfaighe siad aoibhneas síoraí agus glóir i ríocht Dé.

A Athair ar neamh ghealL do Mhac muirneach faoiseamh a thabhairt dúinn agus saothar agus tromualach ina luí orainn. Deonaigh go mbeimid i gcónaí réidh a bhealach a leanúint agus muinín mhór bheith againn as. Áiméan.

**An Phaidir**
Spiorad Íosa ár dtreorú agus ag foglhlaim óna theagasc tá sé de mhisneach ionainn a rá ...

**Focal Scoir**
A Mhuire, a mháthair a' Rí,
Déan mo shíocháin le do Mhac,
A ghnúis is gile na an ghrian
Ná fulaing m'anam i bpian.

* * *

## An Cúigiú Domhnach Déag
## 16 Iúil 2017

**Réamhfhocal**
Nach álainn na focla seo sa Chéad Léacht faoi bhriathar Dé: 'is amhlaidh don bhriathar a théann as mo bhéal, ní fhilleann orm gan toradh, gan an rud a b'áil liom a dhéanamh agus mo bheart a chur i gcríoch'. Inniu agus sinn ag éisteacht leis an bhriathar go nglacfaimid isteach inár gcroíthe agus inár n-intinní é le creideamh agus le háthas.

**Smaoineamh**
Tá ceithre chineál éisteoirí ann a deir Íosa. An chéad ghrúpa a éisteann leis an bhriathar ach ní thuigeann siad é agus baintear díobh é ag dream atá naimhdeach ina aghaidh. An dara grúpa a éisteann go díograiseach leis ar dtús ach ó níor chuir sé fréamh imíonn sé in am an bhuairimh. An treas grúpa, cluineann siad an briathar ach bíonn meascán mearaí ag cur isteach ortha. An ceathrú grúpa, tuigeann siad an briathar, glacann siad isteach ina gcroí é agus bíonn toradh ar a ndianseasmhacht. Ós deisceabail Íosa sinn dhéanfaimid ár ndícheall ionad diongbháilte a thabhairt do bhriathar Dé in ár gcroíthe.

**Guí an Phobail**
Gach aon Domhnach ceiliúraimid Lá an Tiarna. Go ndéanaimid sin le creideamh agus le hurraim. Iarraimid cabhair ar Dhia éisteacht go haireach lena bhriathar.

1. Ar son Eaglais Dé ar fud an domhain go dtite beannachataí Dé uirthi mar chith sólásach.
2. Bíonn stoirmeacha uaireanta ann agus an Eaglais ag tabhairt aghaidh ar an teagasc saolta A Dhia tabhair neart di.
3. Go gcuire tuismitheoirí in iúl dá bpáistí an t-áthas atá le sonrú i ngrá Dé dúinn.
4. Cuimhnímid ar dhaoine atá tinn. Go mothaí siad cneasú Chríost agus é ag tabhairt dóchais dóibh.
5. Ar son ár ngaolta agus ár gcairde agus na mairbh uilig, suaimhneas síoraí dá n-anamacha.

A Athair ar neamh cuidigh linn úsáid cheart a bhaint as na tíolaicí a thug tú dúinn. Sin iad ár n-urnaithe, trí Chríost ár dTiarna. Áiméan.

**An Phaidir**
A Athair ar neamh bíonn tú i gcónaí ag obair in ár measc agus ríocht do grásta á tógáil agat. Cuidigh linn an obair sin a dhéanamh leat. Iarraimid sin ort trí Chríost ár dTiarna. Áiméan.

**Focal Scoir**
Sár-mholadh dhuit, a Dhia mhóir
Ar son an Aifrinn naofa chóir
A d'fhág tú ag do dhaoine bhocht'
Le'r gcongbhail saor ó pheacadh 's locht
Ná tréig do chlann, ná diúltaigh sinn
Ach in ár gcontúirt, cuidigh linn
Go moltar choíche ar gach taoibh
An tAthair, Mac 's an Spiorad Naomh.

* * *

## An Séú Domhnach Déag
## 23 Iúil 2017

**Réamhfhocal**
Cuidíonn an Spiorad linn i dtaca le hurnaí de. Ní thig linn an ghlóir atá i ndán dúinn a shamhlú ach san am chéanna caithfimid bheith ag guí go bhfeicfimid í. Cuidíonn an Spiorad linn inár laige. Is sa Spiorad a aithnímid Dia mar ár nAthair. Faoi thionchar an Spioraid tuigfimid de réir a chéile caidé an chiall atá le bheith ina pháiste ag Dia.

**Smaoineamh**
Tá Dia i mbun na staire. Slánú i dtrócaire Dé atá i gceist. Tá Dia foighdeach le drochdhaoine. Sin é a neart. Tá seacht gcúraimí an tsaoil air. Nach cóir dúinn, a pháistí, aithris a dhéanamh air agus gan dóchas a chailleadh a choíche? Bheir Dia faill dúinn i gcónaí aithrí a dhéanamh. Tá ceacht le foghlaim againn uaidh. Comhartha nirt é cineáltacht agus trócaire a dhéanamh ar ár gcomhchréatúirí. Caithfidh gráin bheith againn don pheaca ach san am chéanna grá bheith againn don pheacach. Is é Mac an Duine an breitheamh. Fágfaimid mar sin an breithiúnas faoi ag deireadh an tsaoil.

**Guí an Phobail**
Cuirimid ár bpaidreacha roimh an Athair tríd ár dTiarna Íosa Críost.

1. Guímid ar son na hEaglaise - go n-aithní na baill toil Dé agus fianaise a thabhairt do na nithe atá naofa agus taitneamhach i súile an Tiarna.
2. Guímid go mbeidh deireadh le foréigean sa domhan, go mbeidh ceannairí ionraic agus críonna sna roghanna a dhéanann siad agus réidh na daoine soghonta a chosaint.
3. Ag deireadh bliain na scoileanna agus na gcoláistí guímid go mbeidh an Spiorad Naomh ag cuidiú leis na daltaí an rogha ceart a ghlacadh don saol rompu.
4. Ar son daoine atá tinn go dtuga Dia misneach agus neart dóibh in am a gcruacháis.
5. Cuimhnímid ar an mhuinir a d'imigh romhainn – suaimhneas síoraí dá n-anamacha.

A Athair, éist le paidreacha do chlainne atá cruinnithe le chéile anseo i do láthair. Tabhair dúinn inniu na riachtanais atá uainn. Iarraimid seo trí Chríost, ár dTiarna. Aiméan.

**An Phaidir**
Guímid ar son teacht na Ríochta, ríocht na fírinne agus an chirt, ríocht an ghrá agus na síochána, sna briathra a theagasc Íosa ár Slánaitheoir dúinn.

**Focal Scoir**
Má rinne tú caraid ariamh de Mhuire,
Tiocfaidh sí chugat ar uair do bháis
Agus gabhfaidh sí go cruaidh do leithscéal

Go bhfágha sí maitheamhnas ó Rí na grást.

* * *

## An Seachtú Lá Déag
## 30 Iúil 2017

**Réamhfhocal**
Is í an eagnaíocht an tíolacadh is luachmhaire faoin domhain. Iarrann Solamh í agus é ar oilithreacht i nGibeón. Ba ábhar sásaimh é don Tiarna gur iarr Solamh í. Baineann an tíolacadh seo go mór le tairbhe do dhaoine eile. Is é Íosa an eiseamláir is fearr di. Iarrfaimid eagnaíocht ar Dhia dúinn féin san Aifreann seo.

**Smaoineamh**
Tá fhios againn gur thug Íosa suas gach rud ba mhilis leis - a chlann, a bhaile, a shábháilteacht le toil a Athar a dhéanamh agus ríocht Dé a chur ós ard. Thuig sé nach raibh stór níos mó ann ná toil a Athar. Thug sé suas gach rud eile chun toil a Athar a chomhlíonadh. Sa deireadh thug sé suas a bheatha féin. Ba dheacair dá dheisceabail sin a thuiscint. Ina bhás choinnigh Íosa greim ar a stór!

Tá ár stór féin roimh ár súile má tá an eagnaíocht againn ár mbochtáin gaoil a aithint. Bíonn faill againn gach aon lá eiseamláir Íosa a leanúint. Tá na gealltanais sa tSean-Tiomna comhlíonta i gCríost. Roinneann sé a stór linn – tá meas mar sin ag na pobail Chríostaí ar an Sean-Tiomna agus ar na dea-scéala ó Íosa. Fágtar rangú daoine faoi Dhia féin. Caithfimid ár ngrá a leathnú amach don uile chine. Nach fíoreagnaíocht é sin?

**Guí an Phobail**
Cuirimid ár n-achainíocha roimh ár nAthair ar neamh.

1. Guímid ar son ceannairí na hEaglaise ar fud an domhain: go mbeannaí an Tiarna an Pápa Proinsias, na hEaspaig agus ceannairí Críostaí eile.
2. Guímid ar son misinéirí atá scaipthe i measc na náisiún, go mbeannaí an Tiarna an obair mhór atá ar siúl acu agus iad faoi inspioráid an tSoiscéil.
3. Guímid ar son inimircigh inár measc go mbeidh fáilte rompu agus muid réidh cuidiú a thabhairt dóibh.
4. Guímid ar son síocháin i measc na náisiúin, go n-éistear le guthanna na bhfáidh atá ag pléadáil linn ár ndícheall a dhéanamh í a chur chun cinn.
5. Guímid ar son na marbh, iadsan a bhfuil cuimhne againn orthu agus iadsan nach bhfuil cuimhne ag aon duine orthu, go dtiocfaidh siad isteach sa ríocht atá ullmhaithe ag an Athair dóibh.

A Dhia na mbeannacht taispeáin do thrócaire dúinn anois agus ar uair ár mbáis. Áiméan.

**An Phaidir**
Spiorad Íosa ár dtreorú agus Eagnaíocht an tSoiscéil ag tabhairt soilsiú dúinn deirimid ...

**Focal Scoir**
Fáilte romhat chugam-sa, a Íosa
Tá tú agam anois, go bhfanaidh tú agam go bráth
Ó a Neamh ar talamh, maith agus mór-shláinte
Go ndéanaidh tú do mo anam.

*Raymond Murray*
*raylmurray@tiscali.co.uk*

* * *

## Claochlú Chló an Tiarna
## 6ú Lúnasa 2017

**Réamhrá**
A Dhia na Glóire, taimid bailithe anseo inniu chun ár mbuíochas a chur in iúl duit. Nach iontach an méid a bhronann tú orainn lá i ndiaidh lae !

**Smaoineamh**
Thug athrú ghné Chríost ar barr na sléibhe gearrfhéachaint dá dheisceabail ar ghlór Dé. Ambaiste, nach raibh gá mór le sin. Bhí Páis Chríost ar tí tárlú. Ina dhiaidh sin bheadh na deisceabail ina n-aonar agus

contúirt ar ghach taobh díobh. Masla, cruatan agus géarleanúint a bhí i ndán dóibh – mar a dúirt an Tiarna féin.

Is iontach an t-athnuachan spioraid a thánaigh ar na deisceabail de bharr a tharla ar an sliabh. Is amhlaidh le chúrsaí an tsaoil seo.

Go minic bíonn sé deacair gnúis Dé a fheiscint nuair a brúann cruatain an tsaoil go trom orainn – mí-ádh, easpa sláinte, bás. Ní fuirist maitheasaí Dé a thuiscint nuair a fheiceann tú daoine ag fail bháis de bharr ocrais nó foréigin. Is minic sinn uile buartha de bharr éagóra agus dóláis an tsaoil.

Cuireann Féile an lae inniu i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia i n-gar dúinn de shíor, go mór-mhór in am an chruatain.

**Guí an Phobail**

Is iomaí rud atá de dhith orainn gach lá. Ach bíonn Dia fial thar na bearta linn nuair a ghlaoimid air.

1. Ar son na hEaglaise ar fad an domhain. Go raibh sí mar chomartha dóchais agus sóláis do chách, go mór-mhór iad uile atá buartha. A Thiarna éist linn.
2. Go dtuga Dia síochán dúinn in ár gcroithe, in ár dtealaigh agus i measc na náisiún. A Thiarna éist linn.
3. Rath Dé ar an aos óg. Go néirí go geal leo in a mbeatha agus in a saothar. A Thiarna éist linn.
4. Ar son iad uile atá ar a leathanta saoire 'um an dtaca seo. Go dtuga Dia athnuachan choirp agus spioraid dóibh uile. A Thiarna éist linn.
5. Guímís ar son na n-easlán. A Dhia na Trócaire tabhair leigheas luath dóibh. A Thiarna éist linn.
6. Ar son iad uile atá imithe ar shlí na fírinne. Fíor-bheo i gCríost go rabhdar uile. A Thiarna éist linn.

A Dhia na Glóire, éist go ceannsa len ár nguí. Bí linn in am an lúcháir agus in am an bhróin. Neartaigh sinn agus coimeád slán sinn a chuireann ár muinín i dtuile do thtócaire. Sin é ár nguí chughat trí Chríost ár d'Tiarna. Amen.

**An Phaidir**

Agus sinn ag ullmhú le haghaidh Bia na Beatha Síorraí a ghlacadh, guímís mar a mhúin ár Slánaitheóir dúinn a dhéanamh.

**Focal Scoir**

'Beidh aimsear bhreá againn taréis an bhraon deireannaigh.'
Bímís araon réidh le haghaidh ghlóir Dé.

* * *

## An Naoú Comhnach Déag Saor
## 13ú Lúnasa 2017

**Réamhrá**

'Sé Dia ar ndídean agus ár ndóchas. Lán le muinín tagaimid i láthair Dé inniu ag gabháil buíochais leis as ucht a mhaitheasa dúinn de shíor.

**Smaoineamh**

Tusa amuigh i lár na farraige i mbád beag. An oíche go dorcha. An ghaoth ag séideadh go láidir. Na tonnta ag teacht thar imeall an bháid. Seans go mbeidh tú i ndubh-aigéan na farraige gan mhoill. Go deimhin bhéadh éinne scanraithe.

Mar amhlaidh a bhí sé leis na deisceabail an óiche úd atá luaite i Soiscéal an lae inniu. Is fuirist a thuiscint cé comh h-athasach agus comh bhuíoch a bhíodar nuair a thánaigh Críost in a measc chun iad a shábháil ón mbás a bhí ar tí tarlú.

Buíochas le Dia, is mar sin a bhíonn sé i gcónaí. Nuair a luíonn an saol go trom orainn; nuair a dheallraíonn sé go bhfuilimid gan chabhair gan chara in am an ghátair – níl le déanamh againn ach ár muinín a chur go daingean i nDia uilchomhachtach. Agus ní dhéanfaidh Dia faillí orainn.

Dar ndóigh, is giorra cabhair Dé ná an doras. Dá bhrí sin, ná bímís eaglach riamh.

Dia linn agus Dia romhainn de shíor.

**Guí an Phobail**

Ar nós lucht déirce sinn ag teacht de shíor i láthair Dé ag impí air freastal orainn in ár n-gannchuid.

1. Ar son ár bPápa Prionnsiais agus na n-easpag uile. A Dhia, neartaigh iad sa chreideamh agus sa charthanacht. A Thiarna éist linn.
2. Guímís ar son cíníocha an domhain, go mór-mhór iad ata i ngéarghá. Go dtuga Dia síochán agus cothrom na féinne dóibh uile atá brúite faoi chois an ocrais agus na h-éagóra. A Thiarna éist linn.
3. Ar son ár n-daltaí scoile uile atá ag súil le torthaí scrúduchán an tsamhraidh. Go n-éirí go geal leo in a gcúrsaí léinn anois agus sa tsaol amach rompu ina dhiaidh. A Thiarna éist linn.
4. Ar son chách atá i bhfad ón a muintir agus ón a dtíortha dúchais. Faoi choimirche Dé agus na Maighdine Muire iad araon. A Thiarna éist linn.
5. Ar son iad uile a thugann aire do lucht na n-easlán agus dóibh siúd atá ag dul in aois. Go dtuga Dia a luach dóibh anseo agus sa tsaol atá le teacht. A Thiarna éist linn.
6. Cónaí faoi shuaimhneas dóibh uile atá imithe rómhainn, go háirithe ár muintir féin, ár gcairde agus iad uile a chabhraig linn ar an saol seo. A Thiarna éist linn.

A Thiarna Dia, tá muinín againn as do mhaitheasa nach dtránn. Éist len ár nguí agus treoirigh sinn ar shlí an tslánaithe. Sin é ár nguí chughat trí Chríost ár d'Tiarna. Amen

**An Phaidir**

A Rí na glóire, táimid ag iarraidh do dhéirce sinne a ligeann isteach go teach na féile. Guímís chun an Athair faoi mar a mhúin ár Slánaitheóir dúinn a dhéanamh.

**Focal Scoir**

'A Íosa, a Íosa, coiméad na caoire ar na gleannta míne agus ar na móinéir chaoine.'
Go dté sibh uile slán.

* * *

## Deastógáil na Maighdine Beannaithe Muire
## (Lé Fhéile Muire 'san bhFómhar)
## 15ú Lunasa 2017

**Réamhrá**

'Dia go leaga an rath orainn, 'is an Mhaighdean Mhuire go leatha a brat orainn.'

Ar lá fhéile na Maighdine Beannaithe déanaimís lúcháir as an nglóir a bhronn an Tiarna uirthi nuair a bhí a ré rite aici ar an saol seo.

**Smaoineamh**

Is mian leis an dteastailí eolas cruinn faoin aistear a bhreathnú sar a chuireann sé chun bóthair. Cá bhfuil an ceann scríbe ? Conas is fearr é a bhaint amach ? An bhfuil fadhbanna faoi leith ar an mbealach ? Cá fhad é an turas ? Gan eolas mar sin beidh an taistealaí i mbaol dul ar strae ar an aistear.

Cuidíonn Féile an lae inniu linn a thuiscint cad tá i ndán dúinn nuair a bheidh ár ré rite againn ar an saol seo. Tá súil againn go mbeimid araon i gcomhluadar na Maighdine agus na naomh uile i bPárrthas na nGrást. Nach iontach na suailcí a bhronnann Dia orainn cé acu beo nó marbh sinn !

Anois lár an Fhómhair agus tá na feirmeoirí lán-ghnóthach ag baint an fhómhair. Buíochas mór le Dia as an bhflúirseacht bídh a bhíonn againn anseo in Éirinn bliain in ndiaidh na bliana. Moladh go deo le Dia !

'Sí an Mhaighdean Mhuire príomh-thortha an fhómhair a aimsigh Mac Dé trín a bhás agus a aiséirí ghlórmhar. An áit a bhfuil an Mhaighdean Bheannaithe anois, le cúnamh Dé beimid in a cuideachta ar feadh na síoraíochta.

Is ceart agus is cóir dúinn bheith áthasach agus dóchasach ar an lá seo, la fhéile Deastógála na Maighdine Muire.

**Guí an Phobail**

Tá Dia láidir agus Máithair mhaith aige. Tagaimid i láthair Dé inniu ag guí ar ár son féin agus ar son an chine daonna.

1. Rath is beannacht ar an Eaglais mór-thimpeall an domhain. Go bhfana sí dílis don tSoiscéal. A Thiarna éist linn.
2. Ar son ceannairí polaitíochta i gcéin agus i gcóngar. Go gcuirdis leas an phobail chun chinn gan stad gan staonadh. A Thiarna éist linn.
3. Guímís ar son Pobal Dé an pharóiste seo. Dia linn de ló agus d'óiche. A Thiarna éist linn.
4. Ar son iad uile atá gan teach gan dídean sa tír seo. Go mbeimís lán-dícheallach ag freastal orthu siúd atá i gcontúirt. A Thiarna éist linn.

5. Ar son mná rialta uile na hEaglaise. Rath Dé orthu agus ar chách a chaitheann a saol go dúthrach i sheirbhís Dé agus na gcomharsan. A Thiarna éist linn.
6. Dóibh siúd atá imithe ón saol seo. A Thiarna, fáiltigh isteach iad i do ríocht. A Thiarna éist linn.

A Dhia na Glóire, tabhaire aire don chlann a cheannaigh do Mhac go daor ar an gCrois. Treoir sinn ar shlí an ionracais. Go mbeimid lá éigin leat-sa agus leis an Maighdin Bheannaithe i gcomhluadar na naomh . Sin é ár nguí chughat trí Chríost ár d'Tiarna. Amen.

**Paidir**
A Thiarna na Féile, tagaimid i do láthair inniu ag iarraidh Arán na Beatha uait. Guímís mar a mhúin an Tiarna dúinn a dhéanamh.

**Focal Scoir**
'Ó 'Mhuire Mhathair, mo mhíle grá thú,
mo choimirce chúnta in am gach lá thú,
mo dhochtúir leighis, tinn agus slán, tú,
agus m'urra breá beannaithe le Flaitheas na ngrás thú'.
Rath Dé oraibh-se uile.

* * *

## An Fichiú Domhnach Saor
## 20dh Lúnasa 2017

**Réamhrá**
'Cuirim suas m'intinn le h-intinn an Aifrinn
mo chroí, mo smaointe agus m'aigne;
tré impí na Bantiarna Beannaithe
cion críostaí go bhfaghad-sa den Aifreann.'
(*Clólann Chnoic Mhellerí; Urnaithe na nGael, 1975. lch. 62*)

**Smaoineamh**
An cogadh is mó atá ar siúl ar an domhan seo, anois agus i ngach aois, ní féidir linn é a fheiscint. Ach, mo léan, tá rian an chogaidh seo thar a bheith soiléir ó thus ama.

An cogadh sin, an choimhlint sin – cad is mó atá á lorg againn ar an saol? – Mo leas féin nó leas na gcomharsan ?

Baineann sé le nadúr an duine aire a thabhairt duit féin agus dod' ghnó féin. Dar ndóigh, níl aon rud mí-cheart le sin. Ach, nuair is cuma linn cad a tharlaíonn d'éinne eile, go mór-mhór iad atá lag agus iad atá i n-géarghá, is cinnte go ghfuilimid imithe ar seachrán ó chosáin Dé.

Cuireann Íosa in iúl dúinn go soiléir i Soiscéal an lae inniu to bhfuil gach éinne mar a chéile i measc Pobal Dé. Agus tá ionad réidh aige do chách i ríocht na bhFlaitheas.

Ná déanaimís idirdhealú idir na daoine go bhfuil meas againn orthu agus iad siúl nach dtaithníonn linn. Tá grá Dé gan teorainn. Déanaimís ár ndícheall dea-shampla Chíost a chur i gcrích.

**Guí an Phobail**
A Dhia na múrtha fáilte, éist go caoin linn agus muid ag impí ort teacht i gcabhair orainn agus ar chách atá faoi chruatan ag an am seo.

1. A Thiarna, treoirig an Eaglais ar a h-oilithreacht tríd an saol seo. Go mbeimid araon farat i ríocht na bhFlaitheas ag deireadh ár saol. A Thiarna éist linn.
2. A Dhia na síochána tabhair síocháin dúinn. Go raibh athnuachan spioraid agus dóchais acu uile atá thíos de bharr cogaidh agus coimhlinte. A Thiarna éist linn.
3. Ar son sinn uile atá bailithe anseo le h-aghaidh Aifreann an Domhnaigh. Go bhfanaimís dílis don Tiarna go deo. A Thiarna éist linn.
4. Dóibh siúd atá imithe ar strae sa tsaol seo. A Dhia na Trócaire, treoirigh ar ais iad chughat-sa, tobar na trócaire. A Thiarna éist linn.
5. Ar son iad uile atá i bhfad ó bhaile ag craobhscaoileadh an tSoiscéil, go mór-mhór ár misinéirí féin. Go gcuire Dia an rath orth uile. A Thiarna éist linn.
6. Leaba i measc na naomh dóibh síud atá imithe romhainn ón tsaol seo. Solas, séan and síochán d'anamacha na bhfíréan. A Thiarna éist linn.

A Thiarna, neartaigh ár gcreideamh agus méadaigh ár ngrá. Cabhraigh linn bheith dílis duit le linn ár ré. Go mbeimid mór-chríoch ag caitheamh ár saol ar mhaithe na gcomharsan. Sin é ár nguí chughat trí Chríost ár dTiarna. Amen.

**An Phaidir**
Is trí chuireadh an Tiarna atá muid uile rannpháirteach i shacraimint na h-altóra. Guímís anois chun an Athair faoi mar a mhúin ár Slánaitheoir dúinn a dhéanamh.

**Focal Scoir**
Go dtuga Dia deoch daoibh as an dtobar nach dtránn, 'is go dtuga Sé slán go ceann cúrsa sibh uile. Imigí faoi shíochán.

* * *

## An t'Aonú Domhnach Fichead Saor
## 27ú Lúnasa 2017

**Réamhrá**
'A Thiarna, gráim thú,
mar is ag triall ort a thánas
ag iarraidh do ghrásta
trí thoradh do Pháise
agus trí impí do Mháthair.'

**Smaoineamh**
Go deimhin, is iomaí tréithe atá riachtanach d'éinne a bhéas mar cheannaire i measc Pobal Dé. Tá sé sin le feiscint aon uair a cheaptar Pápa nó easpag in a mór-gcúram.

Ba chóir d'aoire san Eaglais bheith léannta, críonna agus i n-don daoine a spreagadh chun an tSoiscéil a chur i gcrích in a saol. Ach an rud is riachtanái ar fad ná creideamh ó chroí in Íosa Chriost, Aon-Mhac Dé. Nuair d'admhaigh an t'Aspal Peadar an creideamh sin roghnaigh Íosa é mar bhun-chloc agus ceannaire san Eaglais.

Ní mór creideamh mar sin ag cách gur mhaith leo bheith áirithe i measc Pobal Dé.

Is eol dúinn cé chomh dílis a bhí Peadar don chreideamh, ainneoin a chuid lochtanna. Chaill sé é féin ar son an Tiarna. Sin an dílseacht atá de réir tréithe an Chríostaí, de réir tréithe an deisceabail i ngach aois.

Ní leor béalghrá a thabhairt don chreideamh. Ní leor seirbhís Dé ar nós cuma liom. Is gá dúinn bheith dílis ó chroí d'Iosa, dílis ó chroí don chreideamh, ammhail leis an Aspal Peadar. Gan an dúthracht sin, gan an dílseacht sin, beidh an creideamh ag dul in laghad. Más mian linn oidhreacht uasal an chreidimh a dháileadh ar na glúinte seo romhainn bímís dílis do Dia agus dílis don chreideamh sin le linn ár saol.

**Guí an Phobail**
Níl teora le thíolaicí Dé. Tagaimid i láthair an Tiarna inniu ag glaoch air a chabhair a dháileadh go fial orainn agus ar chách a bhfuil éileamh orthu.

1. Ar son na hEaglaise mór-thimpeall an domhain. Go dtabhairfidh sí le fios do chách grá Dé dá mhuintir uile. A Thiarna éist linn.
2. Go raibh maithiúnas and cáirdeas i measc na náisiún. Go n-éirí linn go léir maireachtáil le chéile sa tsíochán. A Thiarna éist linn.
3. A Thiarna, toradh a gcuid oibre d'fheirmeoirí agus dóibh uile a sholatharaíonn ár gcuid bídh dúinn lá i ndiadh lae. Go mbeimís flaithiúl do lucht ocrais an domhain. A Thiarna éist linn.
4. As son iad uile atá ag dul in aois. Dia go leaga an rath orthu. A Thiarna éist linn.
5. Dóibh siúd atá faoi ghéarleanúint ar son an chreidimh. Go dtuga Dia misneach agus athnuachan spioraid dóibh in am an chruacháis. A Thiarna éist linn.
6. Ar son na marbh. Go rabhdar in a mbeatha go deo i láthair Dé. A Thiarna éist linn.

A Thiarna Dia, is tusa tobar na féile. Cuidigh linn agus le chách a chuireann ár muinín i dtuile do thrócaire. Fóir orainn in am an riachtanais. Sin é ar nguí chughat trí Chríost ár dTiarna. Amen.

**An Phaidir**
Agus sinne ag seasamh gualainn ar ghualainn i láthair Dé guímís chun an Athair a thugann aire thar na bearta dúinn de shíor.

**Focal Scoir**
'Moladh, glóir agus onóir bheirim go deo duit, a Fhíor-Mhic Dé.'
Go ndéanaimís araon beart do réir ar mbriathair le linn na seachtaine seo romhainn.

*tAth Críostóir Ó Duibhir*
*Caiseal Mumhan*